


Treoir don Mhúinteoir




AN GHNÍOMHAÍOCHT

- 1) Tabhair bileoga fíricí/gníomhartha do gach foireann
 - 2) Déan machnamh agus pléigh fíricí agus gníomhartha maidir le hinbhuanaitheacht agus athrú aeráide le chéile. An féidir leis na foirne smaoineamh ar níos mó fíricí nó gníomhartha?
 - 3) Tabhair clár amháin, ciúb amháin, agus na treoracha do gach foireann.
 - 4) Oibreoidh gach foireann le chéile chun a gclár a dhearadh
 - 5) Dearann gach foireann an ciúb (ó 1 go 3 + 3 ócáid)
 - 6) Ansin imríonn gach foireann an cluiche a dhear siad.
- Síneadh: is féidir cluichí a bhabhtáil i measc na bhfoirne.



9
you forgot to turn
off your light
skip your turn
because you go back
to turn them off



BAINISTIÚ RANGA

Eagraigh do rang ina ghrúpaí beaga (5 dalta ar a mhéad in aghaidh an ghrúpa). Lig don ghrúpa oibriú le chéile ar chluiche amháin. Molaimid deasca móra a chruthú agus na daltaí a chur timpeall orthu ionas gur féidir leo féachaint ar a chéile.

DEAR AN CLUICHE

Is féidir leis na daltaí an méid atá le scríobh sna tíleanna glasa agus ar na ciúbanna /aghaidheanna díse a roghnú. Is féidir leo rogha a dhéanamh idir tráth na gceist simplí mata nó imeachtaí a bhaineann le fíricí/gníomhartha faoin athrú aeráide. Níl sa mhéid a fheiceann tú san íomhá thíos ach sampla. Lig do dhaltaí a leagan FÉIN den chiúb agus den chlár araon a chruthú. Cuimhnigh: Má mhéadaíonn an teocht ("nathracha") caillfidh an t-imreoir áiteanna. Má laghdaíonn astuithe CO2 ("dréimírí") rachaidh an t-imreoir ar aghaidh níos tapúla.

Ba mhaith linn cloisteáil uait

Ba mhaith linn cloisteáil uait. Beidh do shaineolas an-chabhrach dúinn. Inis dúinn trí ríomhphost má bhain na daltaí taitneamh as an ngníomhaíocht agus má tá aon rud is féidir linn a fheabhsú.

ríomhphost: calmast.wd@setu.ie

Pláinéad Sona

A SUSTAINABLE MATHS GAMECLUICHE MATA INBHUANAITHE

Treoir don Mhúinteoir



Is féile uile-oileáin **íSeachtain na Matamaitice in Éirinn** a chuireann meon dearfach i leith na matamaitice chun cinn do chách. Is í an fhéile is mó dá leithéid ar domhan í. Bíonn imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl ar fud an oileáin gach Deireadh Fómhair. Tá imeachtaí ann do gach aois agus cumas, lena n-áirítear réamhscoil, scoil, teaghlaigh, agus daoine fásta.

Cén fáth Mata?

Tá Mata ann do gach duine. Tá sí an-tábhachtach inár saol agus úsáidimid go léir an mata gach lá, idir ár sóinseáil a chomhaireamh agus féachaint ar amchláir bus agus traenach, agus a lán rudaí eile! Is é atá i gceist le Seachtain na Mata ná dearcadh dearfach a chur chun cinn i leith na matamaitice, ag cabhrú le gach duine rath a bhaint amach. Ní go gcuirtear féith na matamaitice ionann nó nach gcuirtear ionann í ag ár mbreith. Cosúil le spórt, má thugaimid faoi i ndáiríre éireimid níos fearr chuige. Agus má táimid ag baint taitnimh as rud éigin, tá sé níos éasca tabhairt faoi i ndáiríre. Cuidíonn an cluiche seo le huimhearthacht a chleachtadh agus cuireann sé gníomhú ar son na haeráide chun cinn ar bhealach spráíúil. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an gcluiche seo. Chun tuilleadh gníomhaíochtaí agus tuilleadh eolais a fháil féach ar www.mathsweek.ie



Is é **Calmast** an tlonad Rannpháirtíochta STEM in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Feidhmíonn sé mar mhol do bhraislí STEM ar fud réigiún an Oirdheiscirt. Cuimsíonn na braislí seo an tionscal, údaráis áitiúla, leabharlanna, eagraíochtaí áitiúla agus scoileanna agus oibríonn siad i gcomhpháirtíocht le Calmast chun rannpháirtíocht STEM a sholáthar go háitiúil.

Is tosaíochtaí iad **inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide** don chine daonna agus tá STEM ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna agus chun réitigh a fhorbairt. Is scileanna ríthábhachtacha saoil iad an chruthaitheacht, réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil a chuireann Calmast chun cinn tríd na gníomhaíochtaí seo. Tá an mhatamaitic an-tábhachtach ar fad agus tá sé ag dul i ngleic leis an athrú aeráide.



An Roinn Oideachais
Department of Education

